2026/1157

26.5.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/1157 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Bealtaine 2026**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532 ([1]).

(2) An 14 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1336 ([2]) lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2023/1532 agus lenar leathnaíodh raon feidhme na mbeart sriantach chun daoine a chumhdach a sholáthraíonn nó a dhíolann aerárthaí nó diúracáin gan foireann na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara, nó a bhfuil baint acu ar shlí eile lena n-aistriú, chuig grúpaí armtha agus eintitis a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, nó chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chumhdach.

(3) An 11 Márta 2026, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2817 (2026) inar dearbhaíodh go bhfuil sí tiomanta go hiomlán coimeád na síochána agus na cobhsaíochta sa Mheánoirthear a chur chun cinn. Cháin sí freisin aon ghníomhaíochtaí nó bagairtí ó Phoblacht Ioslamach na hIaráine arb é is aidhm dóibh stop a chur leis an loingseoireacht idirnáisiúnta trí Chaolas Hormuz, bac a chur uirthi nó cur isteach uirthi ar bhealach eile, nó bagairt a dhéanamh ar an tslándáil mhuirí i gCaolas Bab Al Mandab. Dhearbhaigh sí freisin gur bagairt thromchúiseach ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta é aon iarracht bac a chur ar ghluaiseacht dhleathach idirthurais nó ar an tsaoirse loingseoireachta sna huiscebhealaí idirnáisiúnta sin; agus d'iarr sí ar an Iaráin staonadh láithreach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ó aon ghníomhaíochtaí nó bagairtí.

(4) An 1 Márta 2026, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais maidir lena bhfuil ag titim amach sa Mheánoirthear. Tugadh le fios sa ráiteas gur den riachtanas é gan géarú a bheith mar thoradh ar a bhfuil ag titim amach san Iaráin, rud a d'fhéadfadh an Meánoirthear, an Eoraip agus áiteanna níos faide i gcéin a chur i mbaol, agus a mbeadh iarmhairtí dothuartha aige sa réimse eacnamaíoch freisin. Dearbhaíodh ann nach mór aon chur isteach ar uiscebhealaí criticiúla, lena n-áirítear Caolas Hormuz, a sheachaint.

(5) Sna conclúidí uaithi an 19 Márta 2026, d'iarr an Chomhairle Eorpach go gcuirfí Rún 2817 (2026) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme ina iomláine, á mheabhrú di gur gá an tslándáil mhuirí a áirithiú agus an tsaoirse loingseoireachta a urramú, agus cháin sí go géar aon ghníomhaíochtaí a chuireann an loingseoireacht i mbaol nó a chuireann cosc ar shoithí dul isteach i gCaolas Hormuz agus imeacht as.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1336 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (IO L, 2024/1336, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1336/oj).

(6) An 9 Aibreán 2026, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais maidir leis an sos comhraic a chomhaontaigh na Stáit Aontaithe agus an Iaráin, inar áitíodh ar gach páirtí lena mbaineann an tsaoirse loingseoireachta chomh maith le gluaiseacht shaor shábháilte trí Chaolas Hormuz a áirithiú go hiomlán, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, mar a léirítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

(7) Maidir le gníomhaíochtaí na hIaráine i gcoinne soithí trádála agus tráchtála a théann trí Chaolas Hormuz, agus a bagairt dola a fhorchur mar mhalartú ar údarú idirthurais, níl siad ag teacht leis an gceart chun gluaiseachta idirthurais trí chaolas idirnáisiúnta atá ina nasc idir cuid amháin den mhórmhuir nó de limistéar eacnamaíoch eisiach agus cuid eile den mhórmhuir nó de limistéar eacnamaíoch eisiach ná leis an gceart chun gluaiseachta neamhurchóidí agus, dá bhrí sin, tá siad ag teacht salach ar an dlí idirnáisiúnta.

(8) I bhfianaise thromchúis na staide, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta, lena n-áirítear na cearta chun gluaiseachta idirthurais agus chun gluaiseachta neamhurchóidí, sa Mheánoirthear, is iomchuí tuilleadh bearta sriantacha a thabhairt isteach maidir leis an Iaráin. Rannchuidíonn bearta sriantacha mar sin le gníomhaíochtaí an Aontais chun a luachanna, a leasanna bunúsacha agus a shlándáil a choimirciú, chun prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus chun tacú leo, agus chun coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir le pointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 21(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(9) Ba cheart teideal Chinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú agus ba cheart srianta taistil agus bearta reo sócmhainní a fhorchur ar dhaoine agus eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear, as tacú leis na gníomhaíochtaí nó beartais sin, as iad a chur chun feidhme nó as tairbhe a bhaint astu.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear';**

(2) leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (iii):

'(iii) chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(ba) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear, as tacú leis na gníomhaíochtaí nó beartais sin, as iad a chur chun feidhme nó as tairbhe a bhaint astu; nó,';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (ba);'.

(3) leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (iii):

‘(iii) chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;’;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(ba) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear; as tacú leis na gníomhaíochtaí nó beartais sin, as iad a chur chun feidhme nó as tairbhe a bhaint astu nó,’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, le heintitis nó le comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (ba);’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. DAMIANOS